# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008

# LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 18 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go 5.00

- Tá ceisteanna ar DHEICH dTOPAIC ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Na Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Na Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Na Topaicí 8 go 10.

- Tá ar iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar CHEITHRE THOPAIC mar seo a leanas:
  Is gá topaic amháin a roghnú as gach ceann de na trí ghrúpa agus is féidir an ceathrú topaic a roghnú as ceann ar bith de na trí ghrúpa.

- Tá céad marc ag gabháil le gach topaic.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad le fáil ar pháipéar leis seo atá marcáilte le **X**.

**GRÚPA I: Na Topaicí 1 go 4**

**Topaic I. An Aithin i mbun Cogaíochta.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Díreach roimh thús Chogadh na Peilipinéise, cén fáth ar theastaigh ó Choircíora a bheith ina comhghuaillí ag an Aithin? (15)

(b) Cérbh iad na príomhargóintí a d'úsáid muintir Choircíora agus iad ag iarraidh a bheith ina gcomhghuaillithe ag an Aithin? (25)

(c) Cérbh é cinneadh deiridh mhuintir na hAithine? (10)

(ii) (a) Tabhair breac-chuntas ar an ról a d'imir Gylippus, an ginearál Spartach, sa bhriseadh ar fheachtas na hAithine go dtí an tSicil. (20)

(b) Cad iad na botúin a rinne muintir na hAithine ba chúis lena mbriseadh sa tSicil? (30)

(iii) (a) Ina *Stair Chogadh na Peilipinéise*, cén modh a d'úsáid Túicídidéas chun óráidí a thuairisciú? (25)

(b) Conas a chuidíonn na hóráidí chun stair Thúicídidéas a dhéanamh drámata agus spéisiúil? Déan tagairt don téacs i do fhreagra. (15)

(c) Cén fáth a raibh Túicídidéas san áit cheart chun cuntas cruinn a thabhairt ar an gcogadh? (10)

(iv) Scríobh nótaí ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:-

Brasidas, ginearál Spartach; Déamastainéas, ginearál Aithneach; Archidamus, rí Sparta. (25, 25)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Sa bhliain 335 R.Ch. chuir Alastar cathair na Téibhe faoi léigear.

(a) Cén fáth ar chuir Alastar an Téibh faoi léigear? (20)

(b) Conas a chaith Alastar leis na háitritheoirí tar éis an chathair a ghabháil? (20)

(c) Déan cur síos ar conas a chuaigh briseadh mhuintir na Téibhe i bhfeidhm ar mhuintir na hAithine. (10)

(ii) Sa bhliain 326 R.Ch. chuaigh na Macadónaigh chun ceannairce agus dhiúltaigh siad Abhainn Hyphasis a thrasnú isteach san India.

(a) Cén fáth nach raibh na Macadónaigh sásta dul níos faide? (30)

(b) Déan cur síos ar cad a rinne Alastar faoin gceannairc seo. (20)

(iii) Déan cur síos ar chuairt Alastair ar an Éigipt faoi na ceannteidil seo a leanas:

(a) bunú Chathair Alastair (20)

(b) an turas ar an Oracal ag Siwah. (30)

(iv) Scríobh nótaí ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

Carraig Aornos; Sléachtadh; an tSnaidhm Ghoirdiach. (25, 25)

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) De réir Chaesair, cén fáth ar chinn sé ar ionradh a dhéanamh ar an mBreatain in 55 R.Ch.? (15)

(b) Cad a insíonn Caesar dúinn faoi mhodhanna troda na mBriotanach? (25)

(c) Tar éis duit *Ionraí ar an mBreatain* le Caesar a léamh, cén tuairim atá agat maidir le Caesar mar cheannasaí? (10)

(ii) (a) Mínigh cén fáth a raibh gráin ag Marcas Antaine ar Chicearó. (15)

(b) Déan cur síos gairid ar bhás Chicearó. (35)

(iii) (a) Sa sliocht le Sallaistias, *Cató agus Caesar*, cad iad na comparáidí a dhéanann Sallaistias idir carachtar Cható agus carachtar Chaesair? (40)

(b) Déan cur síos achomair ar conas a fuair Cató bás. (10)

(iv) Ón staidéar a rinne tú ar dhánta Chatallus, an dóigh leat gur dhuine taitneamhach é Catallus? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (50)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) "Bhí Tibir chomh gortach sin go bhféadfaí sprionlóir a thabhairt air." (Séatóinias, *Beatha Thibir*).

(a) Cad iad na samplaí de ghortaíl Thibir a thugann Séatóinias? (40)

(b) Déan cur síos ar shampla **amháin** de fhlaithiúlacht Thibir ar an mórchóir. (10)

(ii) Scríobh nótaí ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:-

Germanicus; Julia, (iníon Ágastas); Séánas. (25, 25)

(iii) "Ar theacht dom ba de bhrící a bhí an Róimh tógtha; fágaim í agus í feistithe i marmar."(Ágastas).

(a) De réir Shéatóinias, conas a chuir Ágastas feabhas ar chuma na Róimhe? (30)

(b) Cad iad na bearta a rinne Ágastas chun cathair níos sábháilte chun cónaí inti a dhéanamh den Róimh? (20)

(iv) Tabhair cuntas ar ghníomhréim Ágastas anuas go dtí Cath Actium i 31 R.Ch. (Octáiviánas a thugtaí ar Ágastas ag an am sin.) (50)

---

## GRÚPA II: Na Topaicí 5 go 7

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Déan cur síos ar dhearcadh an Chóir i leith Mhéidé agus i leith a cuid pleananna sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas. (50)

(ii) (a) Cén ról a imríonn oracal Dheilfe i bplota an dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas? (40)

(b) Cén dearcadh atá ag Jocasta maidir le horacail agus le fáistiní? (10)

(iii) (a) Sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas, mínigh cén fáth ar dhúnmharaigh Méidé a cuid páistí. (30)

(b) Cad a tharla do Mhéidé tar éis gur dúnmharaíodh iad? (20)

(iv) (a) Sa dráma le Sofaicléas, *Éideapús Rí*, cén fáth a bhfuil áthas an domhain ar Jocasta agus ar Éideapús ar chloisteáil dóibh faoi bhás an Rí Polybus sa Choraint? (25)

(b) Cén t-eolas tábhachtach faoina bhunús a thugann an Teachtaire ón gCoraint d'Éideapús? (15)

(c) Conas a fuair Éideapús a ainm? (10)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith de** na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) San *Odaisé* le Hóiméar, cé nó cad iad na rudaí a bhí in Scylla agus Charybdis? Cén fáth ar bhain an oiread sin contúirte leo don loingeas? (20)

(b) Déan cur síos ar an gcéad teagmháil a rinne Odaiséas le Scylla agus Charybdis. (20)

(c) Cad a insíonn an mioneachtra seo duit maidir le carachtar Odaiséas? (10)

(ii) (a) San *Odaisé* le Hóiméar, déan cur síos achomair ar conas a fuair Odaiséas an bua ar na Suirígh. (35)

(b) An dóigh leat gur thuill na Suirígh an rud a tharla dóibh? Mínigh do fhreagra. (15)

(iii) San *Aeinéid* Leabhar VI le Veirgil, buaileann Aeinéas lena athair Anchises sa Domhan Thíos.

(a) Déan achoimre ar ar inis Anchises d'Aeinéas maidir lena chinniúint agus cinniúint a shleachta sa todhchaí. (40)

(b) Cad a d'fhoghlaim tú ón mioneachtra seo maidir le dearcadh Veirgil i leith na Róimhe? (10)

(iv) (a) Déan cur síos ar conas a thit Aeinéas agus Díodó i ngrá agus ar conas rinneadh leannáin díobh san *Aeinéid* le Veirgil. (30)

(b) Mínigh cén fáth ar shocraigh Aeinéas ar Dhíodó a fhágáil agus ar sheoladh chun na hIodáile. (10)

(c) An dóigh leat gur cheart locht a fháil ar Aeinéas i ngeall ar an gcaoi ar chaith sé le Díodó? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Sa sliocht *Earcail agus Cacas* le Veirgil, mínigh cén fáth a raibh Earcail i bhfeirg le Cacas. (10)

(b) Déan cur síos ar na deacrachtaí ar thug Earcail aghaidh orthu chun Cacas a chloí. (20)

(c) Conas a mharaigh Earcail Cacas faoi dheireadh? (20)

(ii) (a) In *Cogadh na nAicmí* le Livias, déan cur síos ar an toradh ar chathair na Róimhe a bhí ag cúlú na saoránach pleibeach go dtí an Cnoc Naofa. (20)

(b) Conas a d'éirigh le Menenius Agrippa a áiteamh ar na pleibigh teacht ar ais? (20)

(c) Cén géilleadh tábhachtach a thug na seanadóirí do na pleibigh? (10)

(iii) (a) Inis go hachomair scéal Baucis agus Philemon mar a d'inis Óivid é. (40)

(b) Ar thaitin an scéal sin leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(iv) "Ina chuid filíochta, bíonn Proipeirtias céasta leis an éad go minic agus is annamh sona é."
Déan plé ar an dearcadh seo ar na dánta le Proipeirtias atá ar do chúrsa . (50)

---

## GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Léiríonn **Fótagraf A** ar **Pháipéar X** Póirse na gCairiaitidí.

(a) Mínigh cad is brí le "Cairiaitid." (10)

(b) Ainmnigh an foirgneamh a bhfuil an póirse seo ceangailte dó. (10)

(c) Cén t-ábhar a úsáideadh i dtógáil an fhoirgnimh seo? (10)

(d) Cad iad na bealaí ina bhfuil an teampall seo difriúil leis an bPartanón? (20)

(ii) Léiríonn **Fótagraf B** ar **Pháipéar X** an dealbh de Shíocháin leis an bpáiste Saibhreas (Irene agus Ploutos).

(a) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (10)

(b) Déan trácht ar shnoíodóireacht an éadaigh. (15)

(c) Conas a léirigh an dealbhóir an gaol grámhar spraíúil idir an páiste agus an bhean? (15)

(d) Luaigh difríocht **amháin** idir an dealbhóireacht seo agus dealbhóireacht thipiciúil ón Ré Ársa. (10)

(iii) Léiríonn **Fótagraf C** ar **Pháipéar X** rilíf cháiliúil mhóideach.

(a) Mínigh cad is brí le dealbhóireacht rilífe. (10)

(b) Sainaithin an fhíor bhaineann sa rilíf seo. (10)

(c) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an rilíf seo? (10)

(d) An dtaitníonn an saothar seo leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(iv) Léiríonn **Fótagraf D** ar **Pháipéar X** meitipé ón bPartanón san Aithin.

(a) Sainaithin an dá fhíor a léirítear sa mheitipé. (10)

(b) Cá bhfaighfeá meitipéanna i dteampall Gréagach? (10)

(c) Ainmnigh an dealbhóir a bhí i gceannas ar an dealbhóireacht a rinneadh ar an bPartanón. (10)

(d) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an meitipé seo? (10)

(e) Déan trácht ar an gcaoi ar bhain an dealbhóir mothú na gluaiseachta amach sa mheitipé seo. (10)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) "Aontaím go huile is go hiomlán," a dúirt Adeimantus, "go bhfuil na scéalta seo mí-oiriúnach." (Platón, *An Phoblacht*).

(a) Cén cineál scéalta a measann Sócraitéas iad a bheith mí-oiriúnach? (25)

(b) Cén cineál scéalta a measann sé iad a bheith inghlactha? (25)

(ii) De réir Shócraitéas, beidh tréithe na críonnachta, an mhisnigh agus an fhéinsmachta go follasach ag an stát foirfe.

(a) Cá bhfuil na tréithe sin le fáil sa stát foirfe? (35)

(b) Conas a shainmhíníonn Sócraitéas an ceartas? (15)

(iii) "Tosaíonn an tsochaí mar sin," a dúirt mé, "chomh fada agus is léir dom, toisc nach bhfuil an indibhid leor ann féin ach go bhfuil cuid mhaith riachtanas aige nach féidir leis a chur ar fáil é féin." (Platón, *An Phoblacht)*
Conas a forbraíonn Sócraitéas an ráiteas seo chun bunús na sochaí a mhíniú? (50)

(iv) De réir Shócraitéas, cén fáth a bhfuil na mná chomh hoiriúnach céanna ó dhúchas le fir do na poist go léir ina stát idéalach? (50)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Sainaithin an áirse chaithréime a léirítear i **bhFótagraf E** ar **Pháipéar X** agus abair cá bhfuil sí suite. (10)

(b) Cén cuspóir a bhain le háirsí dá leithéid a thógáil? (10)

(c) Déan cur síos iomlán ar an áirse seo. (30)

(ii) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** dealbh chinn de sheanmhná agus léiríonn **Fótagraf G** dealbh chinn de Philib Arabach, Impire na Róimhe.

(a) Déan trácht ar an gcaoi a ndearnadh na súile sa dá dhealbh chinn. (10)

(b) De réir Wheeler, cad a léiríonn an dealbh chinn seo de charachtar Philib Arabach? (20)

(c) Cad iad na bealaí ina bhfuil an dá dhealbh chinn ina n-eiseamláirí tipiciúla den dealbhóireacht phortráideach Rómhánach? (20)

(iii) (a) Sainaithin an séadchomhartha cáiliúil a léirítear i **bhFótagraf H** ar **Pháipéar X**. (10)

(b) Scríobh cur síos ar an séadchomhartha. (20)

(c) Cén t-imeacht a chomórann an séadchomhartha seo? (10)

(d) Luaigh blúire eolais **amháin** ar bith a fhoghlaimímid faoin arm Rómhánach ón séadchomhartha seo. (10)

(iv) Léiríonn **Fótagraf I** ar **Pháipéar X** múrdhathadóireacht ó Phoimpé.

(a) Déan cur síos ar a bhfuil ag tarlú sa dathadóireacht agus ainmnigh na trí phríomhphearsa atá i gceist. (25)

(b) Déan trácht ar léiriú aghaidh na pearsan a bhfuil dath bán air ar clé. (15)

(c) Cén cuspóir a bhain le múrdhathadóireachtaí Rómhánacha? (10)

---

Leathanach Bán

Leathanach Bán